Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta

9

acmhainn do bhliain 9

Curaclam
Thuaisceart Éireann

an fachtóir WOW

Aonad a Cúig Bain Triail As

an fachtóir WOW

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta
9
acmhainn do bhliain 9

Clár Ábhair

Léargas Ginearálta ar an Aonad 3

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc taobh istigh den Aonad seo 5

Téama 1	Páirc an Óir	6
Téama 2	Roghanna	7
Téama 3	Cé aige a bhfuil an Freagra?	8
Téama 4	Cad is Bun Leis?	9
Téama 5	Tuairisc Foghlama	10

Áiseanna

Suímh Idirlín Úsáideacha

an fachtóir WOW

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta
9
acmhainn do bhliain 9

Aidhm

San aonad seo, éiríonn na daltaí feasach ar an tábhacht atá le pleanáil ghairme agus tuigfidh siad go bhfuil cuid mhór slite le dul chun cinn. Freastalaíonn siad ar imeacht gairmeacha agus faigheann siad taithí phearsanta ar an réimse roghanna atá ar fáil doibh.

Léargas Ginearálta ar an Aonad

Mapáilte chuig na Ceanglais Reachtúla

Ba chóir go mbeadh deiseanna ag na daltaí:

- úsáid a bhaint as eolas cuí, comhairle chuí agus treoir chuí lena mbainistíocht gairmeacha a fhoirmiú.

Spriocanna Foghlama

Foghlaimíonn Daltaí:

- go bhfuil sé tábhachtach comhairle agus treoir d'ardchaighdeán a rochtain;
- go bhfuil foinsí éagsúla comhairle agus treorach ar fáil;
- go gcaithfear roghanna tábhachtacha a dhéanamh i mBliain 10; agus
- go bhfuil réimse slite le dul chun cinn i dtreo gairme.

Critéir Ratha

Ag deireadh an aonaid seo:

- beidh a fhios ag na daltaí faoi na slite comhairle agus treorach maidir le gairmeacha atá ar fáil;
- beidh siad feasach go bhfuil slite éagsúla ar fáil dóibh le dul chun cinn; agus
- beidh a fhios acu cad é mar a thig lena gcuid foghlama a gcuid roghanna iar-14 a fhoirmiú.

Fócas ar Scileanna Infhostaitheachta

Ligeann an t-aonad seo do dhaltaí scileanna a fhorbairt a chomhlíonann ceanglais reachtúla an churaclaim athbhreithnithe ag Eochairchéim 3. Tugtar breac-chuntas thíos ar an fhócas atá taobh istigh den aonad seo:

Ag bainistiú eolais

- Fóirsteanacht eolais agus foinsí a mheas.
- Eolas a roghnú, a chomhcheangal agus a shintéisiú le freastal ar riachtanais phleanáil gairmeacha.

Buncheisteanna

Síos tríd an aonad seo, spreag na daltaí amharc ar na ceisteanna seo a leanas:

- *Cé a dtig leis/léi cuidiu liom le mo phlean gairme?*
- *Cad iad na roghanna atá agam i mBliain 10?*
- *Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach freastal ar imeacht gairmeacha i mBliain 9?*
- *Cad é a tharlóidh má tá a fhios agam cheana féin an ghairm ba mhaith liom a leanúint?*
- *An bhfuil sé tábhachtach machnamh faoin mhéid atá foghlamtha agam agus é a mheas?*

KWIK SAVE

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc san Aonad seo

Téama 1
Páirc an Óir

Trí fhoghlaim ghníomhach, fiosraíonn na daltaí an tábhacht atá le treoir d'ardchaighdean a rochtain le cinntí saoil a dhéanamh.

Téama 2
Roghanna

Cuirtear na daltaí ar an eolas faoi smaoineamh roghanna iar-14 agus na roghanna atá ar fáil dóibh.

Téama 3
Cé aige a bhfuil an Freagra?

Amharcann na daltaí ar an réimse tacaíochta agus comhairle a thig leo a rochtain le cuidiú leo roghanna tábhachtacha gairme a dhéanamh.

Téama 4
Cad is Bun Leis?

Amharcann na daltaí ar an ábharthacht atá le freastal ar imeacht gairmeacha i rith Bhliain 9. Ullmhaíonn siad do dheis rathúil foghlama. Críochnaíonn an t-aonad seo leis na daltaí ag freastal ar imeacht gairmeacha a eagraíonn fostóir áitiúil, ollscoil nó Coláiste Breisoideachais.

Téama 5
Tuairisc Foghlama

Déanann na daltaí athmhachnamh ar a gcuid foghlama agus amharcann siad ar na himpleachtaí do roghanna iar-14.

Téama 1
Páirc an Óir

Trí fhoghlaim ghníomhach, fiosraíonn na daltaí an tábhacht atá le treoir d'ardchaighdeán a rochtain le cinntí saoil a dhéanamh.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!
Ceisteanna éifeachtacha
Ag soláthar leidráiteas

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *An Méid is Mó a Fháil ón Treoir* (Áis 1)
- Pónaireáin
- Cóin Sábháilteachta
- Leithead Rópa
- Dallbhearta

Gníomhaíocht 1

Is fearr an ghníomhaíocht seo a dhéanamh i spas mór oscailte. Úsáid an halla nó lasmuigh. Eagraigh an rang i gcúig fhoireann. Mínigh gurb é aidhm na gníomhaíochta seo ná bheith ag obair mar fhoireann le ball amháin dallbheartaithe den fhoireann a threorú ó phointe tosaithe isteach i 'bpáirc an óir'. Úsáid an rópa le teorainn chiorclach a mharcáil. Iarr ar na daltaí a shamhlú gurb í 'páirc an óir' an réimse taobh istigh den rópa. Cuir cúig phónaireán ag faid chothroma ó 'pháirc an óir'. Léiríonn siad seo na pointí tosaithe do gach foireann. Cuir roinnt cón sa talamh idir na pointí tosaithe agus 'páirc an óir'. Is ionann iad seo agus bacainní a chaithfidh na foirne a sheachaint.

Cuir rialacha na gníomhaíochta seo in iúl do na daltaí. Tá siad seo liostaithe thíos:
- Caithfidh tú an ball dallbheartaithe a thiontú trí huaire ag an suíomh tosaithe.
- Caithfidh tú ball dallbheartaithe d'fhoirne a threorú isteach i 'bpáirc an óir'.
- Caithfidh tú a chinntiú nach siúlann siad isteach i gceann ar bith de na bacainní.
- Tig leat treoracha a thabhairt trí bheith ag bualadh bos amháin.
- Ní thig leat treoracha briathartha a thabhairt.
- Ní thig leat labhairt le ball dallbheartaithe d'fhoirne ach le haiseolas a thabhairt. Má thugann tú treoracha briathartha caithfidh ball dallbheartaithe d'fhoirne filleadh ar an phointe tosaithe.
- Is é an buaiteoir an chéad fhoireann lena mball foirne dallbheartaithe a threorú isteach i 'bpáirc an óir'.

Pléigí cúrsaí sábháilteachta sula dtosaíonn sibh ar an ghníomhaíocht seo. Cuir roinnt ama ar fáil do na foirne lena gcód a phlé le teagmháil a dhéanamh leis an bhall foirne dallbheartaithe. Cuir cuireadh ar na daltaí pairt a ghlacadh sa ghníomhaíocht. Cuir ceol ar siúl sa chúlra mar ábhar seachráin breise.

Gníomhaíocht 2

Forbairt ar Ghníomhaíocht 1 atá sa ghníomhaíocht seo ach go ndéantar sa seomra ranga é. Iarr ar na foirne freagairtí a thaifeadadh do na ceisteanna seo a leanas:
- Scríobh síos an oiread focal agus a thig leat le cur síos ar an dóigh ar mhothaigh an ball dallbheartaithe ag an phointe tosaithe.
- Cad é mar a d'athraigh a gcuid mothúchán? Cad chuige?
- Cad é a rinne d'fhoireann le go mothódh an ball dallbheartaithe sábháilte?
- Cad é mar a mhothaigh d'fhoireann agus iad ag treorú an duine dallbheartaithe?
- Cad chuige a raibh sé doiligh an ball foirne dallbheartaithe a threorú?
- An raibh aon ábhar seachráin ann a rinne an tasc doiligh? Má bhí, cad é a bhí iontu agus cad é an dóigh a raibh siad mar ábhar seachráin?

Tabhair am do gach foireann a gcuid freagraí a chur i láthair don rang. Pléigh:
- an difríocht idir bheith fágtha le rud éigin a dhéanamh agus bheith treoraithe;
- an tábhacht atá le muinín sa ghníomhaíocht; agus
- an dóigh a bhfuil treoir agus muinín tábhachtach agus tú ag déanamh roghanna saoil agus go háirithe, roghanna gairme.

Cuir an turas sa ghníomhaíocht 'páirc an óir' i gcomparáid leis an turas a bhíonn ag na daltaí agus iad ag pleanáil gairmeacha.

Gníomhaíocht 3 – Deis Sínte

Tabhair cuireadh do na grúpaí roinnt comhairle a liostú faoina ngairm thodhcaíoch. Mol dóibh smaoineamh faoi cad é a rinne treoir mhaith sa ghníomhaíocht 'páirc an óir'. Dáil cóip den áis *An Méid is Mó a Fháil ón Treoir* ar gach grúpa. Cuimsíonn sé seo leideanna úsáideacha.

Téama 2
Roghanna

Cuirtear na daltaí ar an eolas faoi smaoineamh roghanna iar-14 agus na roghanna atá ar fáil dóibh.



Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *Cártaí Roghanna* (Áis 2)
- *Bealaí Chun Cinn Féideartha, A, B agus C* (Áis 3)
- *Bealaí Chun Cinn Féideartha – Bileog Threorach an Mhúinteora* (Áis 4)

Gníomhaíocht 1

Mar rang, pléigí an tábhacht atá le cáilíochtaí a fháil. Tabhair cuireadh do na daltaí smaoineamh faoi na deacrachtaí a bheadh acu, b'fhéidir, agus iad gan cháilíochtaí.

Eagraigh na daltaí i ngrúpaí de thriúr. Tabhair foireann de na *Cártaí Roghanna* do gach grúpa agus tabhair am dóibh an t-eolas a phlé. Iarr orthu an t-eolas a achoimriú. Mol dóibh amharc ar na nithe seo a leanas:
- rud amháin a bhí ar eolas acu cheana féin;
- dhá rud a d'fhoghlaim siad; agus
- rud amháin a chuir iontas orthu.

Mar fhaisnéis ar an ghníomhaíocht seo, bíodh díospóireacht ranga agaibh. Bain úsáid as na ráitis seo a leanas mar leideanna don díospóireacht:
- Is maith an rud é roghanna a bheith agat agus bheith ábalta socrú ar na cúrsaí le staidéar a dhéanamh orthu.
- Tig leis a bheith deacair na cúrsaí le staidéar a dhéanamh orthu a roghnú.
- Tá rudaí le cuimhneamh orthu agus tú ag socrú na gcúrsaí le staidéar a dhéanamh orthu.
- Tá sé tábhachtach comhairle agus treoir a fháil agus tú ag socrú na gcúrsaí le staidéar a dhéanamh orthu.

Gníomhaíocht 2

Roinn na daltaí i gceithre ghrúpa leis na lipéid A, B agus C orthu. Iarr orthu róil ghrúpa a leithdháileadh. Cuir cóip amháin de gach bileog *Bealaí Chun Cinn Féideartha* ag suíomhanna éagsúla ag tús an ranga. Cuir na lipéid A, B agus C ar gach suíomh mar is cuí. Dáil páipéar agus pinn ar gach grúpa. Mínigh go mbeidh deis ag dalta ó gach grúpa, duine i ndiaidh duine, teacht chuig tosach an tseomra agus amharc ar bhileog a ngrúpa ar feadh 30 soicind. Nuair a fhilleann an dalta ar a ngrúpa, caithfidh siad cur síos ar an bhileog. Caithfidh scríobhaí iarracht a dhéanamh é a athchruthú ansin gan ach bileog bhán pháipéir agus peann luaidhe a úsáid. Caithfidh na grúpaí iarracht a dhéanamh a mbileog a athchruthú chomh beacht agus a thig leo.

Sula dtosaíonn siad, aontaígí ar na critéir ratha don obair bhuíne. Tabhair cúpla bomaite do na grúpaí smaoineamh faoina straitéis, mar shampla cé a rachaidh suas ar dtús, sa dara háit agus mar sin de. Cuir in iúl dóibh go mbeidh deich mbomaite acu leis an tasc a chríochnú.
Tabhair cúpla bomaite do na daltaí le críochnú ag deireadh an ranga. Cuir cuireadh ar gach grúpa amharc ar na ceisteanna seo a leanas:
- Cad é atá á léiriú ag an amharcíomhá ar an leathanach?
- Cad iad na bealaí inar oibrigh do ghrúpa go maith mar fhoireann?
- Cad é mar a chuidigh obair bhuíne leat do sprioc a bhaint amach?
- Cad é a d'fhoghlaim tú faoi obair bhuíne a chuideoidh leat i ngníomhaíochtaí amach anseo?

Taispeáin léaráid gach grúpa ag tús an ranga. Tabhair cuireadh do thuairisceoir ó gach grúpa aiseolas a sholáthar.

Bain úsáid as *Bealaí Chun Cinn Féideartha - Bileog Threorach an Mhúinteora* leis an fhoghlaim ón téama seo a achoimriú. Tá sé tábhachtach go dtuigeann na daltaí go bhfuil bealaí éagsúla chun cinn ann leis an leibhéal céanna cáilíochtaí a fháil. Pléigh an dóigh a gcuirfidh cáilíochtaí le hionchais infhostaitheachta na ndaltaí. Ag an deireadh, tabhair cuireadh do na daltaí smaoineamh faoin tábhacht atá le comhairle agus treoir d'ardchaighdeán a fháil agus iad ag roghnú an bhealaigh a ghlacfaidh siad.

Téama 3

Cé aige a bhfuil an Freagra?

Amharcann na daltaí ar an réimse tacaíochta agus comhairle a thig leo a rochtain le cuidiú leo roghanna tábhachtacha gairme a dhéanamh.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Bileog Scórála* (Áis 5)
- *Ceisteanna Gairmeacha* (Áis 6)
- *Gairmthreoir Phearsanta* (Áis 7)

Gníomhaíocht 1

Cuir i gcuimhne do na daltaí go bhfuil cuid mhór deiseanna ar fáil dóibh le cuidiú leo ullmhú don todhchaí. Is é an rud is deacra ná roghanna a dhéanamh agus cinneadh ar na deiseanna le glacadh. Tá cineálacha éagsúla cáilíochtaí a threoraíonn chuig an ghairm chéanna, ag brath ar riachtanais agus mianta an duine.

Mar rang, déan ransú smaointe ar fhoinsí tacaíochta agus comhairle atá ar fáil do dhaltaí le cuidiú leo cinntí gairme a dhéanamh. Bain úsáid as an *Bhileog Scórála* le smaointeoireacht na ndaltaí a threorú. Taispeáin an ransú smaointe sa seomra ranga mar mheabhrúchán físeach den díospóireacht.

Eagraigh an rang i 6 ghrúpa. Iarr ar na grúpaí róil ghrúpa cosúil le scríobhaí, éascaitheoir, maor ama, taifeoir agus tuairisceoir a shannadh. Tabhair ceann de na Ceisteanna Gairmeacha a léirítear in Áis 6 do gach grúpa. Cuir cuireadh orthu roinnt ama a chaitheamh ag plé cheist na ngairmeacha.

Ansin, dáil cóip den *Bhileog Scórála* ar gach grúpa. Tabhair cuireadh dóibh socrú cé chomh húsáideach a bheadh gach foinse eolais ag cuidiú le freagraí a fháil ar cheisteanna gairmeacha. Mol dóibh na foinsí eolais a rangú in ord fónaimh. Cuir in iúl do na grúpaí go n-iarrfar orthu a rangú a chosaint. Cuir am ar fáil don tuairisceoir ó gach grúpa an t-aiseolas a sholáthar don chuid eile den rang.

Mar fhaisnéis, déan cinnte go dtuigeann na daltaí:

- go bhfuil cuid mhór foinsí eolais ann le roghanna gairme a dhéanamh; agus
- gur chóir dóibh úsáid a bhaint as an oiread treorach agus a thig leo agus iad ag déanamh roghanna agus cinntí.

Gníomhaíocht 2

Dáil cóip den áis *Gairmthreoir Phearsanta* ar gach dalta. Iarr orthu é seo a léamh agus ansin smaoineamh faoi cheist gairme atá acu ag an am seo ina saol. Tabhair cuireadh do na daltaí a gceist phearsanta a thaifeadadh. Mol dóibh a *gCeist Gairme Phearsanta* a chur i bhfeidhm. Gabh siar ar an ghníomhaíocht seo i ndiaidh am comhaontaithe lena fheiceáil cad é mar a d'éirigh leis na daltaí eolas a fháil faoin cheist.

Téama 4

Cad is Bun Leis?

Amharcann na daltaí ar an ábharthacht atá le freastal ar imeacht gairmeacha i rith Bhliain 9. Ullmhaíonn siad do dheis rathúil foghlama. Críochnaíonn an t-aonad seo leis na daltaí ag freastal ar imeacht gairmeacha a eagraíonn fostóir áitiúil, ollscoil nó Coláiste Breisoideachais.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *Cad is Bun Leis?* (Áis 8)

Gníomhaíocht 1

Tabhair isteach an smaoineamh faoi chuairt a thabhairt ar imeacht gairmeacha. Eagraigh an rang i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar daltaí. Tabhair cóip de *Cad is Bun Leis?* do gach grúpa. Iarr orthu é seo a léamh agus smaoineamh faoi cad chuige a bhfuil na ráitis seo neamhchúntach. Ansin, tabhair cuireadh dóibh moltaí a dhéanamh a bhréagnaíonn na ráitis. Cuir am ar fáil d'aiseolas agus do dhíospóireacht uileranga.

Mínigh an cuspóir atá le himeacht ar bith gairmeacha a mbeidh an rang ag freastal air. Cuir roinnt eolais ar fáil faoin taithí a gheobhaidh siad. Eagraigh an rang ina ngrúpaí beaga. Tabhair cuireadh dóibh aontú ar chuspóir amháin foghlama is féidir a bhaint amach trí chuairt a thabhairt ar an imeacht gairmeacha. I measc na samplaí bheadh b'fhéidir:
- le heolas a fháil faoi...
- le fáil amach cad é a bhfuil sé cosúil leis bheith i do...

Bailigh agus taispeáin sprioc foghlama gach grúpa. Cuir am ar fáil do na daltaí le moladh cad é mar a thig leo a gcuid spriocanna foghlama a chomhlíonadh, mar shampla trí cheisteanna a chur agus/nó trí bheith ag éisteacht nó ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí. Cuir in iúl do na daltaí go n-iarrfar orthu anailís a dhéanamh ar cé chomh maith agus a chomhlíon an t-imeacht gairmeacha a sprioc foghlama i ndiaidh dóibh freastal air.

Téama 5

Tuairisc Foghlama

Déanann na daltaí athmhachnamh ar a gcuid foghlama agus amharcann siad ar na himpleachtaí do roghanna iar-14.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!

Do chuid foghlama féin a mheas

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Tuairisc Foghlama* (Áis 9)
- *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* (Áis 10)

Gníomhaíocht 1

Cuir i gcuimhne do na daltaí faoi na spriocanna foghlama a d'aontaigh siad i dTéama 4.

Iarr ar na daltaí dul ar ais sna grúpaí céanna a raibh siad iontu i dTéama 4. Cuir cóip den *Tuairisc Foghlama* ar fáil do gach grúpa. Iarr orthu smaoineamh faoin sprioc foghlama a leag siad síos don imeacht gairmeacha. Ansin, iarr orthu an *Tuairisc Foghlama* a léamh agus na ceisteanna a fhreagairt. Cuir i gcuimhne do na grúpaí smaoineamh faoi ar comhlíonadh a sprioc foghlama trí bheith ag freastal ar an imeacht gairmeacha.

Cuir cuireadh ar na grúpaí dul isteach le grúpa eile agus a gcuid freagairtí a roinnt. Mol do na grúpaí nuachumtha aon chosúlacht agus/nó éagsúlacht ina gcuid taithí a phlé. Tabhair cuireadh d'ionadaithe ó roinnt grúpaí a ndíospóireachtaí a roinnt leis an rang.
Mar mhalairt air seo, bain úsáid as am ciorcail mar dheis do na daltaí a gcuid taithí a roinnt.

Gníomhaíocht 2

Dáil cóip de *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* ar gach dalta. Mol dóibh é seo a léamh agus smaoineamh faoina gcuid foghlama go dtí seo. Tabhair cuireadh do na daltaí páirt a ghlacadh i ndíospóireacht ghrúpa lena gcuid foghlama a roinnt lena chéile.

B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach aiseolas a thaifeadadh ó dhaltaí aonair ina gComhad Dul Chun Cinn.

RYAN

Áis 1

An Méid is Mó a Fháil ón Treoir

Faigh amach . . .

Smaoinigh faoi . . .

Dá . . .

Coinnigh . . .

Cártaí Roghanna

Le linn Bhlianta 11 agus 12 déanfaidh tú réimse cúrsaí a mbeidh cáilíochtaí mar thoradh orthu.

Tá réimse cúrsaí le rogha a bhaint astu. Roghnóidh tú na cúrsaí seo an bhliain seo chugainn.

Na cúrsaí a roghnaíonn tú a dhéanamh cuideoidh siad leat smaoineamh faoi na féidearthachtaí do do ghairm san am atá le teacht.

Tig leat rogha a dhéanamh staidéar a dhéanamh ar mheascán de chúrsaí ginearálta agus cúrsaí feidhmeacha ag an am amháin.

Is é atá i gcúrsa ginearálta cúrsa ina bhfaigheann tú eolas agus scileanna in ábhar.

Is sampla de chúrsa ginearálta é TGMO sa Mhatamaitic.

Bíonn cúrsa feidhmeach bunaithe ar obair agus bíonn sé níos praiticiúla ná cúrsa ginearálta.

Is sampla de chúrsa feidhmeach é TGMO san Fhoirgníocht.

Is minic a bhíonn dóigheanna éagsúla ann le cáilíochtaí a ghnóthachtáil a dhíríonn ar an ghairm chéanna.

Is tábhachtach do roghanna a choinneáil oscailte ag an chéim seo de do phlean gairme.

Bealach Chun Cinn Féideartha A (1 as 3)



Áis 3

Bealach Chun Cinn Féideartha B (2 as 3)



Áis 3

Bealach Chun Cinn Féideartha C (3 as 3)



Bealaí Chun Cinn Féideartha – Bileog Threorach an Mhúinteora

Ba chóir na léaráidí in Áis 3 a úsáid mar is rogha leis an mhúinteoir ag cur san áireamh na spéiseanna agus an plean gairme dhóchúil atá á fhorbairt ag a gcuid daltaí.
Is mar léiriú amháin na léaráidí seo. Níl aon iarracht gach bealach do gach rogha gairme a chur san áireamh. Glactar leis nach bhfaigheann ach mionlach den aos óg post go díreach ag aois 16. Bunús mór acu fanann siad san oideachas nó san oiliúint.

Go hachomair tá na léaráidí le húsáid:
- le mianta na ndaltaí a ardú;
- le hiarracht a dhéanamh dúshlán a thabhairt don smaoineamh, ag aois chomh luath agus is féidir, nach bhfuil bealach amháin, mar shampla an Bealach Feidhmeach (ar tugadh gairmoideachas air tráth) chomh luachmhar leis an Bhealach Ghinearálta ;
- lena thaispeáint gur féidir an rogha gairme chéanna a bhaint amach trí bhealaí éagsúla nó trí chineálacha éagsúla cláir.

Do na múinteoirí sin nach bhfuil cúlra 'gairmeacha' acu agus atá anois ina mball den fhoireann infhostaitheachta is féidir go mbeidh gá le hoiliúint in úsáid na léaráidí.

Léaráid A
Léiríonn an léaráid seo go dtig le duine óg, i ndiaidh TGMO, clár traenála a dhéanamh, abair CNG trí phrintíseacht, le bheith ina leictreoir. Ach, thiocfadh dó ag am áirithe go gcinneann an duine céanna staidéar breise a dhéanamh agus staidéar a dhéanamh do Chéim ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha le Suirbhéireacht Chainníochta a roghnú mar ghairm.

Léaráid B
Is léaráid giota níos casta í an léaráid seo ach, fós féin, is cás-staidéar úsáideach é.
Thiocfadh leis an duine óg staidéar A-Leibhéil a dhéanamh agus dul go díreach ar ollscoil le hInnealtóireacht a dhéanamh.
Ar an lámh eile, thiocfadh leis an dalta seo an scoil a fhágáil agus dul go dtí ceann de na Coláistí Réigiúnacha againn le staidéar a dhéanamh ar Dhioplóma Náisiúnta a chuireann ceann de na Forais Cáiliúcháin ar fáil. I ndiaidh dó/di an Dioplóma Náisiúnta a dhéanamh thiocfadh leis/léi bogadh ar aghaidh agus bheith ina T(h)eicneoir Innealtóireachta.
Mar an gcéanna thiocfadh go gcinnfeadh an mac léinn céanna, i ndiaidh an Dioplóma Náisiúnta a chur i gcrích, dul ar aghaidh ar an Ollscoil le staidéar a dhéanamh do Chéim agus teacht ag an cheann scríbe chéanna agus an dalta a ghlac an Bealach Ginearálta via A-Leibhéil.

Léaráid C
Sa sampla seo thiocfadh go mbeadh duine óg ag iarraidh an scoil a fhágáil i ndiaidh TGMO agus dul faoi oiliúint in óstán mar fhreastalaí, mar shampla. B'fhéidir go mbainfeadh sé/sí triail as rannóga éagsúla agus na cáilíochtaí ábhartha a dhéanamh agus é/í ag obair go fóill le hionchas dul chun cinn go dtí leibhéal na bainistíochta a fheabhsú.
Thiocfadh dó gur roghnaigh an dalta céanna printíseacht a dhéanamh i riarachán gnó agus díriú ar dhaonnacmhainní in óstán agus é/í go fóill ag machnamh ar chur lena c(h)áilíochtaí le post bainistíochta ar intinn aige/aici.
Rogha eile a d'fhéadfadh a bheith ann, i ndiaidh na printíseachta, staidéar a dhéanamh ar chéim san fháilteachas ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha le bainistíocht go mór ar intinn aige/aici san fhadtéarma.

Bileoga Scórála

Ceist Gairmeacha:
Meas luach gach ceann de na foinsí eolais maidir le cé chomh fóinteach a thiocfadh le gach ceann acu a bheith chun eolas úsáideach/ábhartha a chur ar fáil duit.

5 = AR DÓIGH **4** = IONTACH MAITH **3** = MAITH **2** = MEASARTHA **1** = GO DONA

	5	4	3	2	1
CARA					
MÚINTEOIR					
JED, PATHFINDER, ODYSSEY					
DALTA NÍOS SINE					
CUAIRT GAIRMEACHA					
TUISMITHEOIR					
COMHAIRLEOIR GAIRMTHREORACH					
BILEOG GAIRMEACHA					
IDIRLÍON					

Na foinsí is fearr agus cad chuige:

_____

_____

_____

Ceisteanna Gairmeacha

Cá mhéad cineál innealtóirí atá ann?	**Cad é mar a fhaighim amach faoi bhainistiú imeachtaí?**
Níl barúil agam faoi mo phlean gairme.	**Cad iad na roghanna a bheidh orm a mheas an bhliain seo chugainn?**
Bainim sult as ábhar faoi leith. An bhfuil gairmeacha san achar sin a mbeinn oiriúnach dóibh?	**Cad iad na hearnálacha tionscail éagsúla atá i dTuaisceart Éireann?**

Gairmthreoir Phearsanta

Ainm:

Mo Cheist Gairmeacha Phearsanta:

Meas luach gach ceann de na foinsí eolais maidir le cé chomh fóinteach a thiocfadh le gach ceann acu a bheith chun eolas úsáideach/ábhartha a chur ar fáil duit.

5 = AR DÓIGH **4** = IONTACH MAITH **3** = MAITH **2** = MEASARTHA **1** = GO DONA

	5	4	3	2	1
CARA					
MÚINTEOIR					
JED, PATHFINDER, ODYSSEY					
DALTA NÍOS SINE					
CUAIRT GAIRMEACHA					
TUISMITHEOIR					
COMHAIRLEOIR GAIRMTHREORACH					
BILEOG GAIRMEACHA					
IDIRLÍON					

	Mo rogha de na trí fhoinse is úsáidí	**Mar**	**Cuir síos ar cé chomh húsáideach a bhí na foinsí mar chuidiú duit**
1			
2			
3			

Cad is Bun Leis?



Tuairisc Foghlama

Smaoinigh ar an chuspóir foghlama a leag tú amach roimh fhreastal ar an imeacht gairmeacha. I do ghrúpa, pléigh na rudaí seo a leanas:

Ainmnigh rud amháin a bhfuil cuimhne agaibh a fheiceáil ag an imeacht:

Cad é a d'fhoghlaim sibh ón eispéireas seo?

Ainmnigh rud amháin a 'rinne' sibh ag an imeacht:

Cad é a d'fhoghlaim sibh ón eispéireas seo?

Déan cur síos ar rud amháin a mbeidh cuimhne agaibh air faoin imeacht a bhí fóinteach dóibh:

Áis 10

Taifead Athmhachnaimh an Dalta

Cad iad na dóigheanna ar chuidigh do rannpháirtíocht san aonad seo breathnú ar thábhacht eolais agus comhairle gairmthreorach?

Cad iad na ceisteanna gairmeacha a raibh tú ábalta eolas a fháil fúthu?

Cé chomh muiníneach atá tú faoi eolas úsáideach a fháil faoi cheisteanna gairmeacha eile?

Cé acu de na gníomhaíochtaí pleanála gairme seo a leanas a chuir tú i gcrích mar chuid den aonad seo?

Léitheoireacht ☐

Amharc ar fhíseáin ☐

Taighde ☐

Cur i láthair a thabhairt ☐

Foghlaim ó dhaoine eile ☐

Déan liosta d'achar oibre nó dhó ar mhaith leat a thuilleadh a fhoghlaim fúthu.

_____

_____

Sínithe: _____

Múinteoir: _____

Tuismitheoir: _____

Suímh Idirlín Úsáideacha

Le teacht ar an ábhar tacaíochta is úire don Oideachas don Infhostaitheacht, logáil ar **www.ccea.org.uk/employability**

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning